

Measúnú Leordhóthanachta Acmhainní Uile-Oileáin 2025-2034





Clár na nÁbhar

Achoimre i nGaeilge Shimplí ar an measúnú d'Éirinn


Réamhrá	7
Maidir linne	7
Eolas maidir leis an Measúnú Leordhóthanachta Acmhainní Uile-Oileáin	7
Cén fáth a dteastaíonn Measúnú Leordhóthanachta Acmhainní Uile-Oileáin uainn?	8
Aiseolas ó pháirtithe leasmhara	8
An Measúnú	9
An dúshlán a shonrú	10
Réamhaisnéis Éilimh d'Éirinn	11
Réamhaisnéis ghiniúna d'Éirinn	15
Réamhaisnéis Leordhóthanachta d'Éirinn	16
Na dúshláin a chomhlíonadh	18
Conclúid	20







Achoimre i nGaeilge Shimplí ar an measúnú d'Éirinn



Réamhrá

Maidir linne

Forbraíonn, bainistíonn agus oibríonn EirGrid, mar Oibreoir Córais Tarchurtha (OCT), an eangach tharchurtha in Éirinn. Iompraíonn an eangach cumhacht ón áit a ngintear í chuig an áit ina bhfuil sí ag teastáil. Tá EirGrid ar thús cadhnaíochta freisin maidir le haistriú slán na heangaí leictreachais chuig todhchaí ísealcharbóin inbhuanaithe, chun spriocanna um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid an Rialtais a chomhlíonadh.

Tá cothromaíocht idir soláthar agus éileamh á cinntiú againn gach nóiméad, agus tá planáil á déanamh againn do riachtanais leictreachais fhadtéarmacha na hÉireann ag an am céanna.

Eolas maidir leis an Measúnú Leordhóthanachta Acmhainní Uile-Oileáin

Sa Mheasúnú Leordhóthanachta Acmhainní Uile-Éireann díritear ar an gcothromaíocht idir éileamh agus soláthar leictreachais ar oileán na hÉireann as seo go ceann 10 mbliana.

Is forbairt ar an Ráiteas Acmhainneachta Giniúna (RTG) atá ann, a bhfuil an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRF) ag tacú leis agus a chuireann chun feidhme modheolaíocht nuashonraithe, ar a gceanglaítear an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Ionadaíocht a dhéanamh don chóras cumhachta atá ag forbairt ina bhfuil an meascán teicneolaíochtaí ar an gcóras ag éirí níos éagsúla le leibhéal mhéadaithe de ghiniúint in-athnuaite, stóráil fuinnimh, solúbthacht agus idirnasasc ar thaobh an éilimh. Cinntíonn an mhodheolaíocht nua go léiríonn ár n-anailís go cuí an obair atá á déanamh ag gach teicneolaíocht chun tacú le hoibriú iontaofa an chórais cumhachta.
- Tá sí ailínithe leis an gcreat samhaltaithe agus leis na ceanglais rialála Eorpacha faoi Phacáiste Fuinnimh Ghlain na hEorpa¹. Cinntíonn sé sin go bhfuil ár n-anailís níos comhsheasmhaí le tíortha Eorpacha eile.

Déanann an mhodheolaíocht nuashonraithe measúnú níos fearr ar na buntáistí is féidir linn a bhaint as foinsí fuinnimh in-athnuaite i gcoinníollacha aeráide éagsúla. Agus fad is atá an eangach tharchurtha ag forbairt, tugann an mhodheolaíocht nua léargas níos fearr freisin ar conas a shamhaltaítear an tacaíocht a bheidh á fáil againn ó idirnascairí mar aon le réitigh stórála fuinnimh.

Seo achoimre i nGaeilge shimplí den tuarascáil iomlán.

1 https://energy.ec.europa.eu/topics/energy-strategy/clean-energy-all-europeans-package_en



Cén fáth a dteastaíonn Measúnú Leordhóthanachta Acmhainní Uile-Oileáin uainn?

Ó 2016 i leith, tá rabhadh tugtha ag EirGrid maidir leis an mbearna laghdaithe idir soláthar agus éileamh. Má éiríonn an bhearna idir soláthar agus éileamh an-bheag, beidh orainn déileáil le rabhaidh chórais agus beidh orainn obair a dhéanamh ar bhonn réamhghníomhach chun an riosca a bhaineann le tionchair níos tromchúisí a mhaolú. Chuige sin, is gné thábhachtach dár gcuid oibre í leanúint ar aghaidh le riachtanais fuinnimh an oileáin a mhapáil.

Úsáidtear aschur ón measúnú seo chun bonn eolais a chur faoi Cheantanna Acmhainneachta an Mhargaidh Leictreachais Aonair (MLA), sásra a úsáidtear chun a chinntiú go leanann an soláthar leictreachais in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann ar aghaidh ag freastal ar éileamh amach anseo.

Aiseolas ó pháirtithe leasmhara

Mar chuid den aistriú chuig modheolaíocht an Mheasúnaithe Leordhóthanachta Acmhainní Uile-Éireann, thug EirGrid agus SONI faoi dhá chomhairliúchán phoiblí. Bhí an chéad chomhairliúchán bunaithe ar an modheolaíocht agus bhí an dara comhairliúchán bunaithe ar an ionchur agus ar na toimhdí.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár bpáirtithe leasmhara ar fud an tionscail fuinnimh a d'oibrigh agus a d'idirghníomhaigh linn i rith na bpróiseas comhairliúcháin mar chuid den obair a bhain leis an bpróiseas nua seo a fhorbairt.

An Measúnú

Chun an chothromaíocht idir soláthar agus éileamh a bheith ann amach anseo a thuar, breithníonn EirGrid roinnt fachtóirí lena n-áirítear:



Éileamh: Céard atá ag teastáil in Éirinn

Is éard atá i gceist le héileamh an leictreachas a theastaíonn chun soláthar a chur ar fáil do thomhaltóirí ina ndéantar cuntas ar lóid nua cosúil le feithiclí leictreacha agus teaschaidéil, buaicthréimhse an gheimhridh, treochoatá éilimh stairiúla, réamhaisnéisí eacnamaíocha, spriocanna rialtais, ionaid sonraí agus réamhaisnéisí lóid teicneolaíochta nua.



Giniúint: Céard atá in ann freastal ar an éileamh?

Is éard atá i gceist le giniúint ná an leictreachas atá ar fáil a d'fhéadfadh teacht ó fhoinsí difriúla lena n-áirítear gineadóirí traidisiúnta, foinsí fuinnimh in-athnuaite, idirnascairí, stóráil fuinnimh ar an gcóras agus freisin teicneolaíochtaí nua atá ar fáil trí cheantanna acmhainneachta agus fuinnimh in-athnuaite. Nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh air seo, breithnímid freisin an tionchar atá ag gearrtha seirbhíse d'éigean (neamhphleanáilte) agus sceidealaithe (cothabháil phleanáilte), le cois inathraitheacht na giniúna in-athnuaite agus infhaighteacht allmhairí.



Leordhóthanacht: An bhfuil dóthain giniúna ann chun freastal ar éileamh?

I ndiaidh dúinn anailís a dhéanamh ar éileamh agus ar ghiniúint dhóchúil, ní mór dúinn an chothromaíocht idir an dá rud a thuiscint. San áireamh ansin tá measúnú mionsonraithe ar an gcothromaíocht idir soláthar agus éileamh ina mbreithnítear na mílte cás oibriúcháin féideartha a bhaineann le soláthar agus éileamh.

Tomhaistear leordhóthanacht bunaithe ar chaighdeán ar a dtugtar an Caighdeán Ionchais maidir le Cailliúint Lóid (ICL). Tá an caighdeán sin á leagan síos ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC) ag obair lenár rialtóir, an Coimisiún um Rialáil Fónais (CRF). Is ionann Caighdeán ICL agus líon sásúil uaireanta in aghaidh na bliana ina bhféadfadh ganntanas a bheith sa soláthar leictreachais. Tá an caighdeán ICL in Éirinn cothrom le 3 uair an chloig, rud a chiallaíonn go bhféadfadh 3 uair an chloig a bheith ann sa bhliain nuair a bhíonn an soláthar leictreachais easnamhach chun córas cumhachta slán a fheidhmiú, agus d'fhéadfadh an córas a bheith ag feidhmiú nuair atá an leibhéal riosca méadaithe.

Is ionann an t-aschur ón measúnú agus réamhaisnéis ICL agus táscaire maidir le cibé acu a dteastaíonn nó nach dteastaíonn acmhainneacht bhreise ón gcóras chun feidhmiú go slán.

Chun an fhaisnéis is ábhartha a fháil, phléigh EirGrid le rannpháirtithe tionscail, agus úsáidimid an fhaisnéis is cothroime le dáta atá ar fáil nuair a bhíonn aighneacht á cur faoi bhráid rialálaithe. 'Reoimid' na sonraí a úsáidtear chun na ríomhanna a thomhas d'fhonn a chinntiú go bhfuil measúnú cruinn á chur ar fáil againn. Ba é an dáta reoite do thuarascáil na bliana seo an 30 Aibreán 2024 do na sonraí éilimh agus an 8 Bealtaine 2024 do na sonraí giniúna a úsáideadh sa tuarascáil seo.

Ón dáta reoite, i measc na n-athruithe suntasacha tá dáta fuinnimh measta an Idirnascaire Thuaidh-Theas nua ar cuireadh moill air go dtí mí Dheireadh Fómhair 2031 agus tá ceant margaidh acmhainne breise ann nach bhfuil na torthaí air san áireamh sa mheasúnú seo.

Is eol do EirGrid go raibh an reo sonraí sin ann roimh bhunú rialtais nua i mí na Nollag 2024 agus roimh fhoilsiú agus glacadh Chlár an Rialtais i mí Eanáir 2025. I gClár an Rialtais dar teideal 'Todhchaí na hÉireann a Shlánú', chuir an rialtas béim ar dhlús a chur leis an soláthar tithíochta, rud a mhéadóidh an t-éileamh ar leictreachas. Breithneofar an t-éileamh breise leictreachais sin sa chéad atriall eile den Mheasúnú ar Leordhóthanacht Acmhainní Uile-Oileáin a mheastar a fhoilseofar faoi dheireadh 2025.

An dúshlán a shonrú

Le linn na tréimhse staidéir 10 mbliana, ó 2025 go 2034, tuartar go dtiocfaidh méadú ar an éileamh ar leictreachas de réir leictriú na n-earnálacha teasa agus iompair, i gcomhréir le spriocanna rialtais a leagtar amach i bPlean

Gníomhaíochta don Aeráid 2024. Ó tharla go mbeidh roinnt gineadóirí traidisiúnta níos sine á ndúnadh, agus go bhfuil feidhmíocht gineadóirí eile ar an gcóras ag meath, réamh-mheastar i Measúnú Leordhóthanachta Acmhainní Uile-Éireann na bliana seo go mbeidh dúshlán le sárú ag Éirinn de bhrí gur sainaitníodh easnaimh acmhainneachta i roinnt blianta thar thréimhse an staidéir. Táthar ag súil go laghdóidh na heasnaimh nuair a bheidh acmhainneacht nua ar fáil trí cheantanna acmhainneachta MLA, ach beidh dúshlán fós ag baint le hacmhainneacht nua a chur ar fáil.

Is léir ón anailís atá déanta againn ar Éirinn go mbeidh tuilleadh giniúint leictreachais ag teastáil chun an t-aistriú chuig ardleibhéil d'fhuinneamh in-athnuaite sna blianta amach romhainn a chinntiú. Teastaíonn punann chothromaithe d'acmhainneacht nua, lena n-áirítear an gá atá le giniúint ghásadhainte nua níos glaine atá oiriúnach do ghás in-athnuaite agus atá in ann leictreachas a sholáthar ag amanna nuair a bhíonn an ghiniúint ghaoithe agus ghréine íseal.

Tá an phunann chothromaithe seo riachtanach freisin d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonann Éire a buiséid charbóin idir seo agus 2030 i gcomhthéacs na hearnála fuinnimh, rud a chiallaíonn go mbeidh an earnáil fuinnimh in ann a sprioc charbóin ghlan-nialasaigh a chomhlíonadh faoin mbliain 2050.



Réamhaisnéis Éilimh d'Éirinn

Cúlra

Níl sé éasca an t-éileamh leictreachais a bheidh ann amach anseo a thuar.

Tá réamhaisnéis éilimh deich mbliana forbartha d'Éirinn agus do Thuaisceart Éireann, agus cuirtear iad sin le chéile chun réamhaisnéis éilimh iomlán a chruthú do staidéar uile-oileáin.

Mar chuid den phróiseas réamhaisnéise éilimh breithnítear na fachtóirí seo a leanas a bhfuil tionchar acu ar éileamh leictreachais: an aimsir, gníomhaíocht eacnamaíoch, leictriú teasa agus iompair, agus fás láidir in earnálacha cosúil le hionaid sonraí agus lóid teicneolaíochta nua². Scrúdaítear fachtóirí eile a d'fhéadfadh buaicéileamh leictreachais a laghdú freisin cosúil le héifeacht méadair fuinnimh 'chliste', luchtú cliste feithicilí leictreacha agus feabhsuithe éifeachtúlachta atá á dtreorú ag tomhaltóirí, cosúil le hearraí bána nua, níos éifeachtúla a cheannach nó úsáid a bhaint as soilsiú níos éifeachtúla e.g. halaigin go dtí LEDanna.

Agus réamhaisnéisí éilimh á bhforbairt aige in Éirinn, bhreithnigh EirGrid spriocanna Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide an Rialtais³ freisin mar aon le fachtóirí cosúil leis na costais arda mhaireachtála agus praghsanna fuinnimh.

Ionaid Sonraí agus Lóid Teicneolaíochta Nua

In Éirinn, i láthair na huairé tá thart ar 2000 MVA d'acmhainneacht éilimh tugtha ar conradh d'ionaid sonraí agus lóid teicneolaíochta nua eile ag an leibhéal tarchurtha, agus tá thart ar 300 MVA breise ar conradh ag an leibhéal dáileacháin 110 kV (BSL). Tá ionaid sonraí bheaga nasctha ag leibhéil voltais níos ísle curtha san áireamh mar chuid den fhás ar éileamh tionsclaíoch.

Bunaithe ar athbhreithniú bliantúil EirGrid ar ionaid sonraí agus ar lóid teicneolaíochta nua, táthar ag súil go leanfaidh éileamh ag méadú i gcomparáid leis na leibhéil reatha de réir mar a bheidh na custaiméirí sin ag baint úsáid as an lód atá ar conradh acu. Mar chuid den réamhaisnéis éilimh, cuireann EirGrid raon fachtóirí san áireamh a bheidh mar bhonn le dlús a chur le fás ó gach láithreán: ina measc tá rátaí fáis éilimh stairiúla ó láithreáin reatha, poist ar conradh ó chuideachtaí agus a bpoitéinseal fáis, cúrsaí airgeadais ag deireadh na bliana, cead pleanála, etc. Cruthaíonn an próiseas seo trí chás inchreidte a chuireann dlús le héileamh i gcásanna réamhaisnéise ísle, meánacha agus arda.

2 Sa tuarascáil seo, tagraíonn "lód teicneolaíochta nua" d'fhás ionaid neamhshonraí, mórsála le déanaí san earnáil teicneolaíochta a mheastar atá scartha ón éileamh tionsclaíoch traidisiúnta (e.g. stroighin, cógaisíocht etc).

3 <https://www.gov.ie/en/publication/7bd8c-climate-action-plan-2023/>


ATá beagnach formhór an lóid breise seo ar conradh i mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus bhí an conradh socraithe sular threoraigh CRF nach gceadófar an lód breise a bhaineann le ionaid sonraí ach amháin má chomhlíonann siad na riachtanais atá leagtha amach i dTreoir CRF/21/124⁴ CRF. Ciallaíonn sé sin *go ndéanfar measúnú ar aon thionscadal ionaid sonraí nua nach bhfuil comhaontuithe ceangail acu bunaithe ar roinnt critéar, lena n-áirítear "cumas iarrthóir an ionaid sonraí giniúint inseolta ar an láithreán a sholáthar (agus/nó a stóráil) comhionann le nó níos mó ná a éileamh".* Amhail an dáta reoite don staidéar seo, níl aon ionad sonraí nua ar conradh a chomhlíonann Treoir CRF. Dá réir sin, ní bhreithnítear sa staidéar seo ach ionaid sonraí a bhfuil conradh acu cheana féin.

Breithnítear sa réamhaisnéis reatha ar éileamh 16 thionscadal ionaid sonraí ag leibhéal tarchurtha, agus 5 thionscadal ag leibhéal dáileacháin 110 kV, atá ceangailte nó a bhfuil comhaontú ceangailte sínithe acu. Léirítear sa réamhaisnéis airmheánach is déanaí go bhfuil fás an-láidir tuartha san earnáil seo go dtí 2026, le fás níos ísle ach leanúnach go dtí deireadh na réamhaisnéise 10 mbliana.

Chomh maith leis sin, tarraingíonn EirGrid aird ar an bpointe gurb é ár rialálaí, an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRF), atá freagrach as an mbeartas ceangailte ionad sonraí. Ceanglaíonn EirGrid mórúsáideoirí fuinnimh leis an gcóras tarchurtha de réir na treorach ó CRF.



4 CRU21124-CRU-Direction-to-the-System-Operators-related-to-Data-Centre-grid-connection-.pdf (divio-media.com)



Éileamh na hÉireann a bhfuiltear ag súil leis ó leathnú úsáide ionad sonraí agus lóid teicneolaíochta nua.

Cásanna Éilimh

Nuair a bhíonn éileamh á réamhaisnéisiú, caithimid súil ar raon cásanna ionas gur féidir linn teacht ar thuiscint ar na torthaí féideartha agus brath ar raon fachtóirí a bhfuil tionchar acu.

I measc na n-athróg sin tá gnéithe cosúil le teocht, an geilleagar, fás mórúsáideoirí fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh mar aon le leictriú teasa agus iompair. Tá siad sin mar bhonn leis na trí chás éilimh d'Éirinn mar seo a leanas:




Éileamh airmheánach: Tá an réamhaisnéis éilimh airmheánach bunaithe ar fhás airmheánach an lóid teicneolaíochta nua, leictriú teasa agus iompair i gcomhréir le Spriocanna an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus úsáid a bhaint as ráta fáis eacnamaíoch lárnach. **Is ionann é agus an meastachán is fearr atá againn den mhéid a d'fhéadfadh tarlú amach anseo.**



Éileamh íseal: Tá an réamhaisnéis éilimh íseal bunaithe ar leibhéal níos ísle d'fhás an lóid teicneolaíochta nua, leictriú níos ísle teasa agus iompair agus fás eacnamaíoch níos moille.



Éileamh ard: Tá an réamhaisnéis éilimh ard bunaithe ar leibhéal níos airde d'fhás an lóid teicneolaíochta nua, leictriú níos airde teasa agus iompair agus fás eacnamaíoch níos airde.



Riachtanas Leictreachais Iomlán d'Éirinn

Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide

Cuirtear san áireamh i dtuarascáil na bliana seo na spriocanna ó Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide an Rialtais 2024 (CBT 2024), lena n-áirítear leictriú méadaithe sna hearnálacha teasa agus iompair. Glactar leis sa chás airmheánach go mbeidh 100% de spriocanna CBT 2024 á gcomhlíonadh. Glactar le 75 % sa chás maidir le héileamh íseal agus glactar le 110 % sa chás maidir le héileamh ard.

As seo go ceann deich mbliana, meastar go dtiocfaidh fás suntasach ar éileamh. Sa chás airmheánach, meastar go méadóidh éileamh leictreachais 45% faoi 2034 i gcomparáid le leibhéal 2023. Bainfidh an fás is mó le hionaid sonraí agus le lóid teicneolaíochta nua (LTNanna) a bheidh cothrom le 31% den


éileamh leictreachais faoin mbliain 2030.

Chomh maith leis sin, beidh leictriú teasa agus iompair ag éirí níos suntasaí i dtreo dheireadh na tréimhse deich mbliana.

Sa chás airmheánach, meastar go méadóidh an buaicéileamh 24% faoin mbliain 2034 i gcomparáid le leibhéal 2023. Le blianta beaga anuas, bhí an ráta fás sna hearnálacha cónaithe agus tráchtála níos moille, mar gheall ar phraghsanna fuinnimh agus fachtóirí eacnamaíochta is dócha. Cosúil leis an réamhaisnéis fuinnimh, bhí tionchar aige sin ar an mbuaic-réamhaisnéis ghearrthéarmach. Ag féachaint chun cinn ar thréimhse an staidéir, tugtar fás láidir faoi deara, bunaithe go príomha ar fhás i lód na nIonad Sonraí agus na Teicneolaíochta Nua⁵ mar aon le leictriú teasa agus iompair.

⁵ Mar a tugadh faoi deara i rannóg 4.2.3, tá aon fhás éilimh ó Ionaid Sonraí agus Lóid Teicneolaíochta Nua á mheas bunaithe ar éileamh ar conradh agus ó láithreáin ar conradh roimh threoir CRF/21/124.





Riachtanas Leictreachais Iomlán d'Éirinn - miondealú eanála

Réamhaisnéis ghiniúna d'Éirinn

Forbairt na punainne

As seo go ceann 10 mbliana, táimid ag súil go mbeidh na foinsí soláthair leictreachais ag athrú fad is atáimid ag athrú go dtí córas cumhachta in-athnuaite den chuid is mó. Táimid ag súil nach mbeidh roinnt gineadóirí traidisiúnta in úsáid níos mó, go gcuirfear acmhainneacht nua ar fáil trí cheantanna acmhainneachta SLA agus go gcuirfear acmhainneacht in-athnuaite breise ar fáil trí cheantanna na Scéime Tacaíochta Fuinnimh In-athnuaite (STFI) agus STFI Amach ón gCósta.

Chomh maith leis sin, cuirimid san áireamh go mbunófar acmhainní neamhthraidisiúnta eile a d'fhéadfadh freastal ar ár n-éileamh leictreachais freisin lena n-áirítear idirnasca leis an mBreatain Mhór agus leis an bhFrainc, stóráil fuinnimh, aonaid ar thaobh an éilimh agus giniúint eile cosúil le bithbhreosla.

D'fhéadfadh an bealach a bhforbródh gach cineál teicneolaíochta athrú as seo go ceann 10 mbliana, agus mar gheall air sin, scrúdaítear inár measúnú tionchar na dtorthaí difriúla cosúil le tionscadail margaidh acmhainneachta a chur ar fáil, conairí in-athnuaite, solúbthacht éilimh, agus stóráil fhadtéarmach ar an seasamh leordhóthanachta.

Infhaighteacht

Tá infhaighteacht gineadóirí traidisiúnta fós faoi bhun na meán stairiúil fadtéarmach, agus cuirtear é sin san áireamh inár n-anailís. Táthar ag súil gurb amhlaidh atá mar gheall i bpáirt ar roinnt aonad a bheith ag druidim i dtreo dheireadh a saolré oibríochtúil.

Bunaithe ar an gconair phunainne reatha, ag deireadh 2034 beidh thart ar 1700 MW d'acmhainneacht thraidisiúnta ar fáil os cionn 30 bliain d'aois ar fud an oileáin, a d'fhéadfadh a bheith i mbaol an margadh a fhágáil.

Chruthaigh an ganntanas gineadóra níos mó a tugadh faoi deara le blianta beaga anuas dúshlán i ndáil le hoibriú an chórais cumhachta, agus d'fhéadfadh aon mhéadú eile ar ghanntanas gineadóra de réir mar atá aonaid atá in úsáid cheana féin ag dul in aois rioscaí cosúla a chruthú amach anseo.

Teorainneacha uaireanta rite

Tuigeann EirGrid go bhféadfadh srianta a bheith luaithe le roinnt gineadóirí traidisiúnta nua atá ag teacht isteach trí aonaid margaidh acmhainneachta MLA maidir leis an méid uaireanta is féidir iad a oibriú in aon bhliain ar leith. D'fhéadfadh sé sin srian a chur le hinoibritheacht na n-aonad sin agus dá réir sin, tionchar a imirt ar an gcothromaíocht fhoriomlán idir soláthar agus éileamh.

Réamhaisnéis Leordhóthanachta d'Éirinn

Bunúsach agus slán

Trí úsáid a bhaint as réamhaisnéis éilimh airmheánach, ár meastachán is fearr maidir leis an méid a tharlóidh amach anseo, tá úsáid bainte againn as dhá chás leordhóthanachta ar leith - bunúsach agus slán.

Díríonn an cás bunúsach ar an gcothromaíocht idir giniúint agus éileamh i bhfianaise staid aeráide, infhaighteacht monarchan, réamhaisnéisí in-athnuaite agus an gá lena áirithiú go bhfuil acmhainneacht leordhóthanach ann chun riachtanais chúltaca córas a chumhdach. Tá an cás bunúsach seo ailínithe le creat samhaltaithe an Mheasúnaithe Eorpaigh ar Leordhóthanacht Acmhainní.

Díríonn an cás slán ar an gcothromaíocht idir giniúint agus éileamh faoi choinníollacha níos dúshlánaí cosúil le hallmhairí ísle trí idirnascairí agus srianta ar uaireanta rite ar aonaid nua. Cuireadh Allmhairiú Íseal chun feidhme trí allmhairí a theorannú do MLA go 70 % den acmhainneacht allmhairiúcháin iomlán, tá tionchar an mhéid sin ionadaíoch ar éradh leathnaithe idirnascaire nó ar éradh sínte 2-4 aonad núicléach de chuid na Fraince. Tá sé sin á dhéanamh chun bonn eolais a chur faoinár bpleanáil ionas gur féidir linn a bheith ullmhaithe ar bhealach níos fearr don raon cásanna amach anseo.

Bhí modheolaíocht nua na bliana seo ag tacú leis an leibhéal breise anailise seo, atá níos ailínithe le córas cumhachta an lá atá inniu ann atá ag forbairt, ina gcuimsítear gnéithe cosúil le hidirnasc agus leibhéal níos airde foinsí fuinnimh inathnuaite.

Agus cásanna uathúla do chóras na hÉireann á gcur san áireamh, tá tairbhe á baint ag go leor Oibreoirí Córais Tarchurtha (OCTanna) ar fud na hEorpa as an gcur chuige seo freisin.

Tabhair faoi deara, ainneoin go n-úsáideann na cásanna bunúsacha agus slána an réamhaisnéis éilimh airmheánach, i bpríomhthuarascáil an Mheasúnaithe Leordhóthanachta Acmhainní Uile-Oileáin chuireamar sonraí ar fáil do na cásanna arda agus ísle (6.4.5. Staidéar Íogaireachta) chun an raon tionchair faoi na coinníollacha sin a thaispeáint.

Céard a insíonn na torthaí dúinn?

Tá achoimre ar na torthaí bunúsacha agus slána d'Éirinn le fáil thíos:


- Idir 2025 agus 2027, léiríonn an dá chás go bhfuil an córas ar chéim níos airde ná acmhainneacht bhreise chaighdeánach a bheith ag teastáil. Cuirfidh Bearta Chlár Shlándaíl an tSoláthair CRF an acmhainneacht bhreise seo ar fáil agus tá mionsonraí maidir leo le fáil sa rannóg thíos.
- Idir 2027 agus 2028, mar gheall ar an idirnascaire Cheiltigh nua a bheith curtha ar fáil, chomh maith le hacmhainneachta gháis nua, tá cuma níos fearr ar a bhfuil i ndán, rud a laghdaíonn ICL sa dá chás.
- Idir 2028 agus 2032, tá an cás bunúsach laistigh den chaighdeán, rud a chiallaíonn go bhfuil dóthain acmhainneachta chun an córas a oibriú faoi ghnáthchoinníollacha. Tá an cás slán lasmuigh den chaighdeán, áfach, rud a fhágann go dteastaíonn 600-800 MW breise chun a chinntiú gur féidir linn leanúint ar aghaidh le cothromaíocht a chinntiú idir soláthar agus éileamh faoi choinníollacha níos dúshlánaí. Teastaíonn an acmhainneacht MW bhreise sa chás slán chun riachtanais an chórais cúltaca a sholáthar (nuair a bhíonn an t-éileamh ar leictreachas ard) agus chun gearrtha líonra a éascú (atá riachtanach nuair a cheanglaímid giniúint agus bonneagar nua leis an eangach).

- Idir 2032 agus 2034, léiríonn an dá chás go bhfuil an córas lasmuigh den chaighdeán rud a fhágann go bhfuil acmhainneacht bhreise idir 100-1000 MW ag teastáil.

Tá EirGrid den tuairim gurb é an cás slán an cás is stuama agus gur cheart glacadh leis i ndáil le cinntí a bhaineann le hacmhainneacht a fháil d'oibriú leantach agus inbhuanaithe an chórais cumhachta. Áirítear leis an gcás seo tionchar na n-allmhairí ísle, teorainneacha bliantúla ar uaireanta rite agus an gá atá lena chinntiú go bhfuil acmhainneacht leordhóthanach ann chun riachtanais oibriúcháin a chlúdach.

Úsáidtear íogaireachtaí chun tionchar fachtóirí a bhfuil leibhéil éiginnteachta níos airde luaite leo a thuiscint, amhail éileamh, acmhainn in-athnuaite, stóráil agus réamhaisnéisí solúbthachta.

Aithníonn EirGrid gur rogha fós iad ceantanna margaidh acmhainneachta chun giniúint nua a sholáthar lena bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na heasnamh acmhainneachta. Tabhair faoi deara, mar gheall ar dháta reoite na tuarascála seo, nach bhfuil torthaí ó cheant acmhainneachta T-4 2028/2029, inar bronnadh 560 MW de thuilleadh díráitilte nua go rathúil in Éirinn, san áireamh sa mheasúnú seo.



Torthaí ionchais caillteanais lóid bunúsacha agus slána d'Éirinn

Na dúshláin a chomhlíonadh

Mar fhreagairt ar sheasamh leordhóthanachta dúshlánach na hÉireann, d'fhorbair an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRF) clár oibre agus gníomhaíochtaí chun cobhsaíocht agus athléimneacht bhreise a sholáthar chun tacú leis an gcóras cumhachta in Éirinn.

Tá an CRF ag leanúint ar aghaidh lena 'Páipéar Faisnéise CRF maidir le Slándáil an tSoláthair Leictreachais – Clár Gníomhaíochtaí'⁶ a nuashonrú, agus foilsíodh an tuairisc chun dáta is déanaí i mí Aibreáin 2024. Sainithnítear sa tuairisc chun dáta is déanaí trí shruth oibre lena n-áirítear oibríochtaí córais, tionscnaimh éilimh agus seachadadh.

I mbeagán focal, déantar cur síos ar na ceanglais seo a leanas sa chlár oibre seo:

- Leis na ceantanna acmhainneachta uile-oileáin, breis is 2,000 MW d'acmhainneacht ghiniúna ghásadhainte sholúbtha sheasmhach a sheachadadh, a bheidh oiriúnach do ghás in-athnuaite, faoin mbliain 2030.
- 650 MW d'acmhainneacht ghiniúna éigeandála sealadaí a sholáthar a bheidh ar fáil go dtí go mbeidh an acmhainneacht athsholáthair riachtanach faighte. Ní úsáidfeadh an acmhainneacht seo ach sa chás go mbíonn easnamh san acmhainneacht agus sa chás gur dócha go mbeidh rabhaidh ar an gcóras.
- Síneadh a chur le hoibriú, ar bhonn sealadach, gineadóirí níos sine chun moill a chur ar chaillteanas de suas le 1,200MW d'acmhainneacht, chun deis a thabhairt na bearta seasmhacha a chur chun feidhme.
- Gníomhaíochtaí chun freagrúlacht Aonaid ar Thaobh an Éilimh a fheabhsú agus acmhainneacht bhreise ar thaobh an éilimh a fhorbairt.

6 Electricity_Security_of_Supply_Programme_of_Work_Update_April_2024_.pdf


Mar chuid de na gníomhaíochtaí seo ó chlár Shlándaíl an tSoláthair, á stiúradh ag CRF, threoraigh an CRF do EirGrid chun Giniúint Éigeandála Sealadaí (GÉS) a fháil chun rioscaí aitheanta do shlándaíl an tsoláthair a mhaolú. Ní féidir an Ghiniúint Éigeandála Sealadaí a úsáid ach i gcásanna éigeandála agus, dá réir sin, níl sé beartaithe go mbeidh a leithéid ar fáil chun freastal ar éileamh atá ag fás agus atá seasmhach mar gheall ar fhás sóisialta nó eacnamaíoch.

Amhail an dáta reoite sonraí, tá 243 MW de GÉS ar fáil ag an bPort Thuaidh agus Baile an Huntaigh. Ina theannta sin, ón dáta foilsithe, tá 224 MW de TEG ar fáil ag Droichead na Sionainne. Tá na haonaid seo réidh le húsáid mar chuid de bheart na rogha deiridh lasmuigh den mhargadh ag ár n-innealtóirí san Ionad Rialaithe Náisiúnta, más gá.

San fhadtéarma, ní mór don mhargadh acmhainneachta acmhainneacht nua a sholáthar go tráthúil, agus an cineál agus an méid acmhainneachta atá riachtanach chun tacú leis an aistriú fuinnimh.

Tá EirGrid airdeallach ar an bpointe nach bhfuil na bearta maolaitheacha sainaitheanta mar chuid de Chlár Shlándaíl an tSoláthair CRF san áireamh sna torthaí a cuireadh i láthair sna cásanna bunúsacha nó slána. Taispeántar rannchuidiú na mbeart sin thíos i gcoibhneas le torthaí an cháis shláin. Cé go gcuireann na bearta sin feabhas ar staid na leordhóthanachta, is bearta sealadacha iad na bearta agus dá bhrí sin ní áirítear iad san anailís lárnach, mar mura ndéanfaí sin ní chuirfeadh sé in iúl go soiléir don tionscal agus don lucht ceaptha beartas go bhfuil gá le hacmhainneacht bhreise. Ainneoin go bhfeabhsaíonn na bearta seo an staid leordhóthanachta, tá na bearta sealadach agus, dá réir sin, níl siad san áireamh san anailís lárnach, ós rud é dá mbeidís inti, ní bheadh comhartha soiléir á thabhairt don tionscal agus do lucht ceaptha beartas maidir leis an tábhacht a bhaineann le hacmhainneacht bhreise.

Tá tuilleadh faisnéise ar na ceantair scáthaithe le haghaidh éilimh, cúlchistí agus pleanáil briseadh tarchuir a thaispeántar ar an gcairt thuas, ar fáil sa phríomhthuarascáil.



Seasamh leordhóthanachta na hÉireann le bearta maolaitheacha

Conclúid

As seo go ceann cúpla bliain, léirítear sa mheasúnú ionchas a d'fhéadfadh a bheith dúshlánach in Éirinn thar thréimhse an staidéir.

Tá seans ann go mbeidh ar an tionscal leictreachais bealaí nua a aimsiú chun freastal ar an riachtanas méadaithe fuinnimh gan a bheith ag brath ar bhreoslaí iontaise a dhó den chuid is mó. Ag féachaint chun cinn i dtreo 2030, táthar ag súil go méadóidh an t-éileamh leictreachais de bhrí go mbeidh leictreachas á úsáid ar bhealaí nua ag tomhaltóirí. Táthar ag súil go gcabhróidh beartais nua rialtais linn na breoslaí iontaise a lígean i ndearamad agus díriú ar mhodhanna teasa malartacha, cosúil le teaschaidéil leictreacha agus modhanna iompair níos glaine, cosúil le feithiclí leictreacha.

Éileoidh an timpeallacht soláthair giniúna agus éilimh athraitheach seo bainistíocht chomhordaithe a dhéanamh ar an líon agus ar an gcineál acmhainneachta nua, mar aon le bealaí nua chun éileamh méadaithe a bhainistiú chun slándáil an tsoláthair a chinntiú.

Leanfaidh EirGrid ar aghaidh ag obair go réamhghníomhach leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, CRF agus páirtithe leasmhara ábhartha eile chun measúnuithe, anailís agus roghanna tráthúla a chur ar fáil do mhaoluithe oibriúcháin.





The Oval, 160 Shelbourne Road,
Ballsbridge, Dublin 4, D04 FW28, Ireland
[+353 \(0\) 1 627 1700](tel:+353016271700) | eirgrid.ie



Castlereagh House, 12 Manse Road,
Belfast, BT6 9RT, Northern Ireland
[+44 \(0\) 28 9079 4336](tel:+4402890794336) | soni.ltd.uk

